

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T9
Ainm an Agalláí	Máire Nic Fheargail
Ainm an Agallóra	Dónal Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	14/03/2006
Suíomh an Agallaimh	An tArd Leathan, An Clochán
Ainm an Tras-scríobhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

`_____`

`_____` +

....

[]

Tosach lochtach

Focal dothuigthe

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

Beirt ag caint ag an am amháin

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL DINNY: Inniu tá mé in Ard Leathan agus tá mé ag bean atá céad agus a cúig bliain, Máire Nic Fheargail agus a iníon, Gracie, *so* tá mé ag gabháil a thógáil traidhfil scéalta uaidh Mháire inniu. Caidé mar atá tú ag coinneáil anois a Mháire?

MÁIRE: Tá mé ag coinneáil go measartha maith.

DÓNALL DINNY: Maith tú.

MÁIRE: Ach go bhfuil mé *stiffailte*.

DÓNALL DINNY: Á, bhuel.

MÁIRE: Ná tá mé sean.

DÓNALL DINNY: Taobh amuigh de sin....

MÁIRE:Tá mé céad agus cúig bliana.

DÓNALL DINNY: Céad agus a chúig. Dhia ár sábháil, is maith tú.

MÁIRE: (Gáire)

DÓNALL DINNY: Inis domh fá chuid do chuid....

MÁIRE: Agus, tá mé breá folláin.

DÓNALL DINNY: Tá tú, chomh folláin agus atá ann.

DÓNALL DINNY: An bhfuil tú ag gabháil a inse domh fá do chuimhní in d'óige, a Mháire?

MÁIRE: *Eh?*

GRACIE (Iníon): Inis do anois fan am a bhí agaibh nuair a bhí sibh óg.

MÁIRE: Bhuel....

GRACIE (Iníon):.... Tá a fhios agat, nuair a bhí sibh ag éirí aníos agus

MÁIRE: Ní raibh am againn chomh maith agus atá anois ann. Ní raibh achan sórt go fairsing.

DÓNALL DINNY: Ní raibh.

MÁIRE: Ní raibh dada ag teacht isteach. Ní raibh iomrá ná ní raibh an pinsean ag na sean daoine ina bhád sin.

DÓNALL DINNY: Ní raibh.

MÁIRE: Agus ní raibh sé chomh maith leis an am atá anois ann.

GRACIE (Iníon): Inis anois do fan chaitheamh aimsire as bhí agaibh, damhsaíocha agus...

MÁIRE: Agus bhí am an-mhaith againn ar dhóigheanna eile, bhí tréan spórt againn.

DÓNALL DINNY: Ó bhí, bhí.

MÁIRE: Damhsaíocha, bhí teach mór úr againn sa bhaile. Tá sé druidte le fada, b'fhéidir gur, cuid de na scoltaí ar shiúl, d'ímigh deireadh. Tá, bhítear ag damhsa ar fad ann.

DÓNALL DINNY: Sean damhsaíocha a Mháire?

MÁIRE: Mmm.

GRACIE (Iníon): Sean damhsaíocha?

MÁIRE: Sean damhsaíocha, bhí sin acu san am sin.

GRACIE (Iníon): Fidléirí....

MÁIRE: Níl, níl an t-am ar dóigh mar a bhí san am sin.

DÓNALL DINNY: Á níl, d'athraigh sé go mór.

MÁIRE: Níl ar chorr ar bith.

GRACIE (Iníon): Fidléirí a bhíodh againn ach....

MÁIRE: Ó, bhíodh am an-deas san am iúdaí. Am cor deas.

GRACIE (Iníon): Fidléirí a bhíodh againn ach....

MÁIRE: Fidléirí ann agus achan rud eile agus.

GRACIE (Iníon): Níodh sibh tae dóibh agus.

MÁIRE: Bhí deartháir domh, bhí sé ina, *phlayalfadh sé accordion.*

DÓNALL DINNY: An ndéanfadh?

MÁIRE: Mmm. Fuair sé bás.

DÓNALL DINNY: Agus, an bhfuil cuimhne agat ar, ar clann Simí ag bualadh?

MÁIRE: Mmm?

DÓNALL DINNY: An bhfuil cuimhne agat ar muintir Simí ag bualadh na fidleacha?

GRACIE (Iníon): An bhfuil cuimhne agat ar John Simí agus Micí agus

MÁIRE: Ó, Dia ár sábháil, bhí siad stopaidh againn.

DÓNALL DINNY: An mbeadh?

MÁIRE: Bhíodh.

DÓNALL DINNY: (Gáire)

MÁIRE: John agus Micí, ba mhaith an fídléir John.

DÓNALL DINNY: Speisialta maith.

MÁIRE: Bhí Simí maith.

DÓNALL DINNY: Ó, bhí.

GRACIE (Iníon): Dódh eisean.

MÁIRE: Bhí Simí ina an-fhídléir. Ó bhí aithne agam uilig ar, bhí mórán acu uilig ann.

DÓNALL DINNY: Ó bhí.

MÁIRE: Cuid mhór acu. Triúr nó cheathrar.

DÓNALL DINNY: An bhfuil tú ag gabháil a inse domh fan chéad mháistir ar na Cruacha, a Mháire?

MÁIRE: Máistir Coll aníos as Gaoth Dobhair.

DÓNALL DINNY: Bhí sé do theagasc a Mháire?

MÁIRE: Agus bhí sé, bhí sé, bhí sé cúig bliana ar scor ar bith ná b'fhéidir tuilleadh. Máistir maith a bhí ann fosta. Ach pósadh é. B'fhéidir nár mhaith a bheith ag caint ar sin. Pósadh ar bhaintreach é.

DÓNALL DINNY: Á bhuel, nach cuma. Caidé an dochar ar ndóigh.

MÁIRE: Ach bhí an t-airgead aici.

DÓNALL DINNY: (Gáire). Fear cliste a bhí ann. (Gáire)

MÁIRE: (Gáire). Bhí an t-airgead aici, bé sin an rud uilig.

DÓNALL DINNY: Sea. Bhí sé glic go leor, nach raibh?

GRAICE (Iníon): Fuair siad pós....

MÁIRE: Mmm. Agus bhí siad ina gcónaí i nDoire.

DÓNALL DINNY: I nDoire.

MÁIRE: Bhí sé, chuaigh sé, chuaigh siad ina gcónaí i nDoire. Cheannaigh sí teach i nDoire.

DÓNALL DINNY: An bhfuil tú ag gabháil a inse domh fá na *Irregulars* a Mháire?

MÁIRE: Na *Irregulars*?

DÓNALL DINNY: Na *Irregulars*, sea.

MÁIRE: Ó Dhia, tá a fhios agam na *Irregulars* go maith. Bhí mé thiar, sin an chéad lá a chonaic mise na *Irregulars*. Bhí mé thiar i dteach, *cousin* mo mháthara, bhí campanna sníodh, snáth, an bhfuil a fhios agat?

DÓNALL DINNY: Tá a fhios agam.

MÁIRE: Agus, d'éirigh muid amach ag am dinnéara. Ní raibh na rudaí ag gabháil san am sin mar atá anois ach bhí teach an-mhaith ann. *Towel* a bhíodh againn fá choinne ár lámha a thriomadh agus nuair a d'amharc muid síos, bhí trí scór fear ar an bhealach mhór. Anuas an tír. Agus tháinig ceathrar acu aníos agus d'iarr siad tae a dhéanamh dóibh. Agus nuair a d'amharc mise thart ní raibh aon duine agam ach an bhean amháin, agus bhí seomra mór mná ann an chéad uair, *Yankee* a bhí inti sin. Ó *God*, a deirimse, ní fhágfaidh tusa mise, bhí mise giota maith ón áit a raibh agam le theacht. Ó ní fhágfaidh mise thú, a deir sí agus má fhágaim, a deir sí, bhéarfaidh mé liom siar tú a deir sí, tá do theach cóngarach agus d'iarr siad tae a dhéanamh dóibh agus siocair an champ agus deireadh, bhí an t-arán fairsing déanta.

DÓNALL DINNY: Tá a fhios agam.

MÁIRE: Rinne, rinne sinne an tae daofa agus d'ól siad an tae agus dúirt ceathrar acu go gcaithfeadh siad a ghabháil a luí. Agus iad a mhúscldadh ar an sé a chlog agus an tae a bheith déanta ar ais. Agus rinne sinne sin. Mise agus an, *Yankee*, na mná, sin ar fhan agam, d'imigh deireadh eile, ní fhaca mé an amharc orthu, nuair a d'amharc mé thart, ní raibh aon duine agam ach ise. Bhuel, d'imigh siad siar ansin agus bhí siad ag rá gur tugadh scéala fá dtaobh do agus d'éirigh an scaoileadh agus bhí buachaill as Lorg na Lorcán ann agus bhí sé ag imeacht go Meiriceá Dé Sathairn agus maraíodh é.

DÓNALL DINNY: Scaoileadh é.

MÁIRE: Mmm. Nach raibh sé an `_____`?

DÓNALL DINNY: Bhí sé.

MÁIRE: Agus bhí beirt marbh, fear eile as Doire. Bhí siad ag scaoileadh dhá thaobh an ghleanna, an dtuigeann tú?

DÓNALL DINNY: Tá a fhios agam.

MÁIRE: Taobh thall agus taobh abhus, bhí siad díreach as coinne a chéile.

DÓNALL DINNY: Sea.

MÁIRE: Bhuel bhí siad ag gabháil thart tamall ansin. Rugthas ansin orthu, bhí cuid acu gabhta in `_____`.

DÓNALL DINNY: Bhí.

MÁIRE: Agus.

DÓNALL DINNY: *Charlie Daly* duine acu, nach bé?

MÁIRE: Bhí cinnte.

DÓNALL DINNY: Tá cuimhne agat air a Mháire?

MÁIRE: Mmm?

DÓNALL DINNY: Tá cuimhne agat ar *Charlie Daly*?

MÁIRE: C'ainm a bhí air?

DÓNALL DINNY: *Charlie Daly*.

MÁIRE: *Shaly Daly.*

DÓNALL DINNY: Sea.

MÁIRE: Bhí sé sin ar a bhfuil, ar dear mise an tae dó, ag gabháil siar an bóthar a luí.

DÓNALL DINNY: An raibh?

GRACIE (Iníon): Bhí, mhothaigh mé sin.

MÁIRE: Bhí. Agus. '_____' siad, scaoil siad iad. Ní raibh gnoithe ar bith le sin.

DÓNALL DINNY: Gnoithe ar bith leis. Níl ciall ar bith leis.

MÁIRE: Scaoileadh, scaoileadh an, na Gaeil iad féin ag scaoileadh.

DÓNALL DINNY: Sea. Gaeil ag scaoileadh Gaeil.

MÁIRE: Ó, ní raibh cuma ar bith ar chorr ar bith air.

GRACIE (Iníon): Inis an scéal dó fan lá a bhí sibh ag teacht aniar ón Aifreann a tháinig na *Black and Tans* oraibh.

MÁIRE: Ó *Godda*, sin an lá. Bhí muid ag teacht aniar ó Aifreann an Éadain. Bhuel tá a fhios agat cá bhfuil an tÉadan?

DÓNALL DINNY: Tá a fhios agam, tá a fhios.

MÁIRE: Agus tá droichead mór, bhí sé abhus, tá sé, creidim go bhfuil sé ar fad anois ann, creidim gur cuireadh suas ar ais é b'fhéidir, nuair a shocraigh na rudaí. Ach bhí muid ag teacht aniar ar scor ar bith. Agus bhí mo dheartháir, bhí sé ina '_____'.

DÓNALL DINNY: An raibh?

MÁIRE: Bhí. Ach *by good luck* ní raibh dada leis ina phócaí. Cuireadh síos na fir uilig agus ó Dhia, bhí achan áit, clábair ann an dóigh a raibh an droichead leagtha aniar agus siar faoin '_____', '_____'. Cuireadh síos na fir faoin bhealach mhór uilig, ró amháin agus d'farr siad orainne *passal* aniar. Agus shíl sinne gur ag gabháil a scaoileadh a bhí siad. Bhí mo dheartháir ann ach *begorraí* ní hea, chuardaigh siad a bpócaí agus ní bhfuair siad dada. Bí *God* scaoil siad ar shiúl iad.

GRACIE (Iníon): '_____' go scaoilfeadh siad ag gabháil amach thall an cnoc.

MÁIRE: Mmm. Ach bhí cúpla duine eile ag gabháil amach ón Aifreann, théadh siad amach cnoc a bhí thall....

GRACIE (Iníon): An achaire....

MÁIRE: Bhí siad ag fiach le gcuid, fá dtaobh daofa sin, bhí siad '_____' a ghabháil ag scoileadh leo dá dhúradh gur ag an Aifreann a bhí siad.

DÓNALL: Sin na *Black and Tans* a bhí ag scaoileadh?

MÁIRE: Na *Black and Tans*, bhí an dá dhream ann.

DÓNALL: Bhí.

MÁIRE: Bhí na saighdiúirí buí agus na *Black and Tans*.

DÓNALL: Sea. Droch dhream a bhí iontu a Mháire.

MÁIRE: Mmm?

DÓNALL: Droch dhream a bhí iontu.

MÁIRE: Ó an-olc.

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: An-olc.

GRACIE (Iníon): Bhí siad ag stopadh fá Bhealach na `_____`, an bealach gearrtha rompu.

MÁIRE: Bhí an-am trioblóideach ann.

DÓNALL: Bhí.

MÁIRE: Bhí mé féin agus girseach eile, tá sí marbh anois, ag teacht ó dhamhsa as Baile na mBan, an teampall, agus nuair a bhí muid anois taobh thoir de `_____ +`, mhothaigh muid an t-anchalán agus bhí roghnú ar, thuas ar an mhullaigh, ghearr sinne aníos na habhann agus anoir an abhainn agus bhí srúthan mór thuas idir an da theach agus tháinig muid aníos an srúthan agus chuaigh sise soir an tigh agus chuaigh mise siar. Bhí an-am iontach am amháin a bhí ann.

DÓNALL: Bhí sé go holc.

MÁIRE: Bhí cinnte. Agus níl sé socair ar fad.

DÓNALL: Ó níl agus ní bheidh. (Gáire)

MÁIRE: (Gáire) Ní bheidh sé socair go brách.

DÓNALL: Ní bheidh. Tá sin fíor.

MÁIRE: Agus níl gnoithe ar bith leis. Ba chorr dóibh Éirinn uilig a fhágáil ar an dóigh amháin.

DÓNALL: Ba chearr, ba chorr cinnte.

MÁIRE: Bheadh sé níos suaimhní.

DÓNALL: Bheadh.

GRACIE (Iníon): Anois, an bhfuil scéal ar bith eile a d'ínseofá do?

GRACIE (Iníon): Caidé a bhíodh sibh ag déanamh nuair a bhíodh sibh óg? Bhíodh sibh ag déanamh miotogaí agus bhíodh sibh ag déanamh....

MÁIRE:Ag déanamh miotogaí

GRACIE: Ag sníodh agus ag cardáil agus.

MÁIRE: Bhí. Agus ag déanamh giosáin. Cuid acu ag déanamh *pullovers*.

GRACIE: Mmm, hmm. Rudaí mar sin.

MÁIRE: Ach bhí muid, mórán den am anseo `_____`.

DÓNALL: Bhí.

GRACIE: Ar fostach.

MÁIRE: Chaith mise am mór ag m'uncail.

DÓNALL: Ar chaith?

MÁIRE: Chaith.

DÓNALL: Agus cá raibh d'uncail ina chónaí?

MÁIRE: Mmm?

DÓNALL: Cá raibh d'uncail ina chónaí?

MÁIRE: An t-uncail?

DÓNALL: Sea.

MÁIRE: Thiar ar na Cruacha.

DÓNALL: Ar na Cruacha.

MÁIRE: Bhí sé aniar go maith ar an Cruacha.

GRACIE: Athair Mháire Uí Cheallaigh.

MÁIRE: Bhí airgead aigesan.

DÓNALL: Agus bhí tusa ar fostach aige?

MÁIRE: Bhí mise ar fostach aige. Agus is é an t-am a ba *happyailte* a raibh mé ariamh, ba.

GRACIE: Bhí tréan daoine thart ann.

MÁIRE: Sin agat é.

DÓNALL: Sin é anois a Mháire. Maith tú.

GRACIE: Tháinig sí ó fostach ansin í go dtí an áit ar pósadh í.

MÁIRE: Bhí.

DÓNALL: Agus ar pósadh thú go hóg a Mháire?

MÁIRE: Mmm?

DÓNALL: An raibh tú go hóg nuair a phós tú?

GRACIE: Tá sé ag fiafraigh duit ar pósadh go hóg thú, níor pósadh go hóg thú ná

MÁIRE: Níor pósadh.

GRACIE: Thug tú aire do dó mháthair, bhí mórán tinnis aici.

MÁIRE: Thug cinnte.

GRACIE: Rinneadh *operation* sa bhaile fhéin uirthi agus bhí sise ag an dochtúir, é féin agus an ceann eile a fuair bás.

MÁIRE: Mmm, hmm.
